# An Fiosraitheoir

## Tasc 1: Ag fiosrú focal

1. Cé acu thíos atá ar comhchiall le **cuid mhaith**?
   (a) Cuid mhór
   (b) An-ard
   (c) Fíormhaith

2. Tá an frása **bhí suim mhór aige** i bparagraf 1. An bhfuil dóigh eile leis seo a rá?

3. Cé acu thíos atá contrártha le **níos fearr**?
   (a) Níos mó
   (b) Níos measa
   (c) Níos lú

4. Is tír san Eoraip í an Danmhairg. Ainmnigh 3 thír eile san Eoraip.

## Tasc 2: Ag fiosrú feasa

1. Cad é ábhar an téacs seo go príomha?
2. Cad é a thaitin leat faoin téacs seo?
3. Luaigh rud amháin suimiúil a d'fhoghlaim tú ón téacs seo.
4. Cén fáth a scríobhann daoine leabhair do pháistí, do bharúil?
5. Cad é an cineál leabhair is fearr leat féin a léamh?

CCEA
Rewarding Learning

Gach íomhá agus léaráid © thinkstock.com

14 Hans Christian Andersen

Foilseachán de chuid CCEA © 2016

Curaclam Thuaisceart Éireann

# Taisce Tuisceana



## Hans Christian Andersen

# Hans Christian Andersen

Scríbhneoir clúiteach a bhí in Hans Christian Andersen a scríobh cuid mhór finscéalta, **cuid mhaith** acu do dhaoine óga. Rugadh sa Danmhairg é ar an 2 Aibreán 1805 ach bhí an teaghlach bocht agus é ina ghasúr óg. Gréasaí bróg a bhí ina athair agus ba ghnách lena mháthair éadaí a ní do dhaoine eile. Ní raibh dúil ag Hans sa scoil ar chor ar bith. Cé nár thaitin an scoil leis, **bhí suim mhór aige** sa damhsa, sa cheol, sa drámaíocht agus san ealaín.

**Fuair** a dhaidí bás nuair nach raibh Hans ach 11 bhliain d'aois. Bhí a fhios ag Hans go mbeadh air an baile a fhágáil ina dhiaidh agus saol **níos fearr** a bhaint amach dó féin áit éigin eile. Nuair a bhí sé 14 bliana d'aois, fuair sé cead óna mháthair dul go Cóbanhávan, príomhchathair na Danmhairge. Bhain sé triail as rudaí difriúla ansin ach níor éirigh go maith leis. Fuair sé seans dul ar ais ar scoil agus cé nach raibh sé iontach maith ag an litriú ná ag an scríbhneoireacht, d'oibrigh Hans go crua agus d'éirigh leis sa deireadh. Ar dhóigh amháin, bhí a shaol cosúil le saol Roald Dahl, scríbhneoir clúiteach eile. Fuair athair Roald Dahl bás nuair a bhí sé iontach óg agus ní raibh dúil aige sa scoil ach oiread.

Scríobh Hans cuid de na finscéalta is clúití aige idir na blianta 1835 agus 1850, mar shampla, *An Banphrionsa agus an Phis* (1835), *Thumbelina* (1835) agus *An Lacha Bheag Ghránna* (1843). An raibh a fhios agat go bhfuil an scannán *Frozen* bunaithe ar *Banphrionsa an tSneachta*, finscéal a scríobh sé in 1844?

Fuair Hans Christian Andersen bás ar an 4 Lúnasa 1875. Tá daoine sa Danmhairg an-bhródúil as agus as a chuid scríbhneoireachta go fóill. Mar gheall air sin, thóg siad dealbh ina onóir i lár Chóbanhávan agus tugann na mílte turasóir cuairt air gach bliain. Ar an 2 Aibreán gach bliain, breithlá Hans, cuimhnítear air ar fud an domhain ar Lá Idirnáisiúnta Leabhar na bPáistí.



# Ceisteanna

**1. Cé acu abairt atá fíor?**
(a) Bhí teaghlach Hans saibhir
(b) Bhí teaghlach Hans bocht
(c) Rinne sé neart airgid mar cheoltóir

**2. Cé acu frása thíos a chuireann in iúl dúinn nach raibh dúil ag Hans sa scoil?**
(a) Cé nár thaitin an scoil leis
(b) Cé nach ndeachaigh sé ar scoil
(c) Cé nár shiúil sé ar scoil

**3. Cén fáth ar fhág Hans an baile nuair a bhí sé 14 bliana d'aois?**
(a) Ba mhaith leis saol níos fearr a bheith aige
(b) Ba mhaith leis a bheith ina ghréasaí bróg
(c) Fuair sé post mar mhúinteoir i gCóbanhávan

**4. Cén dóigh a raibh saol Hans agus saol Roald Dahl cosúil lena chéile nuair a bhí siad óg?**
(a) Ba chol ceathracha iad
(b) Níor thaitin an scoil leo
(c) Bhí an dath céanna gruaige orthu

**5. Cad é an bhaint atá idir Hans agus Lá Idirnáisiúnta Leabhar na bPáistí?**
(a) Bíonn Lá Idirnáisiúnta Leabhar na bPáistí ann ar bhreithlá Hans
(b) Fuair sé bás ar an dáta sin
(c) Chuir Hans tús le Lá Idirnáisiúnta Leabhar na bPáistí

**6. Cad é mar atá a fhios againn nach bhfuil dearmad déanta ar Hans sa Danmhairg?**
(a) Bíonn sé le feiceáil ar an teilifís go minic
(b) Ní raibh dúil ag daoine sa Danmhairg ann
(c) Tógadh dealbh i gcuimhne air

**7. I bparagraf 2 tá an focal *fuair* in úsáid mar:**
(a) dobhriathar.
(b) aidiacht.
(c) briathar.

**8. Cén sórt téacs é seo?**
(a) Ficsean
(b) Neamhfhicsean
(c) Fógra